Uisce Éireann sa nuacht arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chonspóid eile atá ag baint leis an gcomhlacht Uisce Éireann. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoi Uisce Éireann?
2. Cén fáth a bhfuil siad sa nuacht arís?
3. Cad a cheapann tú faoi na muirir uisce go ginearálta?

Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. ag bronnadh _____
2. íocaíochtaí bónais _____
3. chun solais _____
4. teoranta _____
5. spriocanna _____
6. an bhainistíocht _____
7. leas an phobail _____
8. cur i gcéill iomlán _____
9. meáite _____
10. i dteagmháil le _____
11. is gá do _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. Cé hiad na daoine seo a leanas agus cad a bhí le rá acu?

Alex White
Enda Kenny
Joe Higgins
Michael Noonan

Ceist 4 '…***bainistíocht***...'

An bhfuil na focail thíos firinscneach nó baininscneach? Cuir an t-alt rompu, mar atá déanta sna samplaí seo:
an bhean, an áit, an teistiméireacht

bainistíocht, íocaíocht, ceist, páirt, deacracht, conspóid,

Ceist 5 '…*a chur*…'

Cad é an difríocht idir 'a chuir' agus 'a chur'? Cuir an dá shampla in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Féach ar an mír arís agus aimsigh na focail nó na téarmaí atá chomhchiallach leis na cinn seo thíos:

maitheas nó folláine
ag tabhairt
bréag
rún daingean ag duine rud a dhéanamh
ábalta
ag éileamh
a shocrú

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. ag bronnadh	*presenting*
2. íocaíochtaí bónais	*bonus payments*
3. chun solais	*to light*
4. teoranta	*restricted*
5. spriocanna	*goals, aims, targets*
6. an bhainistíocht	*the management*
7. leas an phobail	*the public's welfare*
8. cur i gcéill iomlán	*a complete pretence*
9. meáite ar	*determined*
10. i dteagmháil le	*in contact with*
11. is gá do	*it's necessary (for)*

Ceist 3

Alex White TD, An tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha: Dúirt sé nach mbaineann ceist na mbónas leis an rialtas agus gur faoi Uisce Éireann féin é an fhadhb a réiteach.

An Taoiseach, Enda Kenny: Dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, inniu go gcaithfidh an bhainistíocht in Uisce Éireann a bheith ag smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag dearadh córas bónais.

Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach: Dúirt sé go bhfuil an milleán ina iomláine ar an rialtas maidir leis an tubaiste ar a nglaoitear Uisce Éireann agus nach bhfuil sna bónais ach an scéal is deireanaí.

Michael Noonan, an tAire Airgeadais: Dúirt inniu sé go raibh an rialtas meáite ar na deacrachtaí agus na conspóidí a bhaineann le hUisce Éireann a réiteach.

Ceist 4

Focail bhaininscneacha.
an bhainistíocht
an íocaíocht
an cheist
an pháirt
an deacracht (na dentals)
an chonspóid

Ceist 5

'a chuir' – is é an aimsir chaite den bhriathar ***cuir*** é sin. Mar shampla: *Sin é an bainne a chuir Seán sa chuisneoir inné.*
'a chur' – is é an t-ainm briathartha den bhriathar ***cuir*** é. Mar shampla: *Caithfidh tú an bainne a chur sa chuisneoir nó beidh drochbhlas air ar maidin.*

Ceist 6

maitheas nó folláine – ***leas***
ag tabhairt – ***ag bronnadh***
bréag – ***cur i gcéill***
rún daingean ag duine rud a dhéanamh – ***meáite ar***
ábalta – ***in ann***
ag éileamh orthu – ***ag iarraidh orthu***
a shocrú – ***a réiteach***

Eimear Ní Chonaola
Dúirt an Taoiseach go gcaithfidh bainistíocht Uisce Éireann smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag bronnadh íocaíochtaí bónais ar a gcuid oibrithe. Ach dúirt sé gur cheist í na bónais don chomhlacht féin seachas don rialtas. Ach, dúirt an Teachta Dála ón bPáirtí Sóisialach, Joe Ó hUiginn, go bhfuil an rialtas ag iarraidh an locht a chur ar Uisce Éireann seachas orthu féin.

Caoimhe Ní Laighin
Tháinig sé chun solais inné go bhféadfadh foireann shinsearach Uisce Éireann a bheith i dteideal bónas ar fiú suas le naoi déag faoin gcéad iad a fháil. Agus, ní hé go bhfuil an córas bónais teoranta dóibh siúd a bhainfidh a gcuid spriocanna amach amháin. D'fhéadfadh go mbeadh oibrithe a bhféadfadh feabhas a theacht orthu bónas a fháil chomh maith.

Dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, inniu go gcaithfidh an bhainistíocht in Uisce Éireann a bheith ag smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag dearadh córas bónais, agus dúirt an tAire Alex White gur ceist í seo d'Uisce Éireann.

Alex White TD, An tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Is ceist don Bhord é seo, d'Uisce Éireann. Níl aon pháirt, níl aon bhaint leis an rialtas sa cheist seo. Caithfidh an Bord é sin a réiteach.

Caoimhe Ní Laighin
Ach is cur i gcéill iomlán é, a deir Teachta Dála amháin, ag cur an lochta[1] ar Uisce Éireann seachas ar an rialtas.

Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach
Bhuel, tá an milleán ina iomláine ar an rialtas maidir leis an tubaiste ar a nglaoitear Uisce Éireann. Níl sna bónais ach an scéal is deireanaí.

Caoimhe Ní Laighin
Dúirt an tAire Airgeadais, Michael Noonan, inniu go raibh an rialtas meáite ar na deacrachtaí agus na conspóidí a bhaineann le hUisce Éireann a réiteach. Idir an dá linn, mar a tuairiscíodh ar Nuacht TG4 an tseachtain seo caite, níl sé i gceist ag Uisce Éireann go mbeidh custaiméirí in ann clárú ar líne i nGaeilge. Dúirt Conradh na Gaeilge linn inniu go bhfuil siad le gearán a dhéanamh faoi seo.

Bhuel, beidh muid i dteagmháil le hUisce Éireann mar gheall air seo agus beimid ag iarraidh orthu é seo a réiteach go luath mar is gá do dhaoine clárú faoi láthair agus seo an t-am lena réiteach.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] Is dócha gur *an locht a chur* atá i gceist